# Aonad Oibre Samplach 4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

| Teanga na Bunscoile | Curaclam Corpoideachais |
| --- | --- |
| **Snáithe:** Teanga ó Bhéal Gné: Tuiscint:<br><br>TF6 -Léiriú tuisceana: tuiscint a léiriú trí threoracha a leanúint agus a thabhairt/ tuiscint a léiriú trí mhíniúcháin agus cur síos a thuiscint.<br>TF4- Struchtúr abairte agus gramadach: úsáid a bhaint as abairtí leanúnacha leis an aimsir cheart, le hord ceart na bhfocal agus le struchtúr ceart na habairte. | **Snáithe:**<br>Gníomhaíochtaí lasmuigh & gníomhaíochtaí eachtraíochta<br><br>**Snáithaonad**: Treodóireacht<br>**Cuspóirí Curaclaim**: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste: na siombailí a sheasann do ghnéithe aitheanta ar léarscáil de cheantar atá ar eolas a aithint agus léarscáil a leanúint ó phointe go pointe. |

**Tagairtí**

- Primary Language Curriculum / Curaclam Teanga na Bunscoile (2019)
- Curaclam na Bunscoile 1999 Corpoideachas (lch 57-59)
- Corpoideachas: Treoirlínte do Mhúinteoirí 1999 (lch 91) Tionscnamh Spóirt i mBunscoileanna (PSSI) 1999 (https://pssi.pdst.ie/
- Gluais go Maith, Gluais go Minic (PDST) https://www.pdst.ie/physli
- https://www.orienteering.ie/wp-content/uploads/2020/03/Counting-Cones-Game.pdf
- Spreag an Ghaeilge le Spraoi, https://padlet.com/maire8/an-teanga-bh-al-p4zy887txdiezppq/wish/PR3NWxvV3qJpQb0O

## Measúnú agus aiseolas le linn an cheachta

- Tascanna MSF le linn an cheachta (féach an plean ceachta)
- Breathnóireacht an Mhúinteora: Siúil timpeall an ranga le linn an cheachta ag breathnú ar na páistí. Dírigh ar fhoghlaim an ábhair agus ar úsáid na Gaeilge.
- Ceistiú Éifeachtach: Bain úsáid as na moltaí thíos (féach teanga an mhúinteora) chun na páistí a cheistiú, tuiscint a chinntiú agus iad a chur i mbun cumarsáide.
- Aiseolas ceartaitheach: Bainfidh na páistí úsáid as Gaeilge agus Béarla le linn an cheachta. Tá úsáid an Bhéarla nádúrtha, ach le tacú le teanga na bpáistí a fhorbairt bain úsáid as leideanna, athrá agus múnlóireacht chun na páistí a chur i dtreo na Gaeilge. Tuilleadh sonraí ar fáil anseo: https://curriculumonline.ie/getmedia/b5f93d3c-4db7-474b-9dc1-63952d987716/Aiseolas-Ceartaitheach-i-gComhtheacs-an-Tumoideachais.pdf
- Féinmheasúnú: Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas.
- Dialann an mhúinteora: Coinnigh nótaí den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise uathu.

**Féinmheasúnú an Mhúinteora:**
D'fhéadfá nótaí a choinneáil den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise de dhíth orthu ó thaobh na teanga de nó an chorpoideachais de. Nó breac nótaí breise síos maidir le hoiriúnacht an cheachta anseo.

**Trealamh**: Teilifís Chliste, PowerPoint 4, Cóin, Staduaireadóir agus Feadóg.
**Le Priontáil**: Cártaí gluaiseachta (le lannú), Léarscáileanna le Bart Simpson, Léarscáil na gCón, Táblaí (sleamhnán 26 agus 10)

## Teanga na bpáistí

Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua is mian leat a chleachtadh agus a mhúineadh a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn ghnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí treodóireachta

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ar chlé, ar dheis, suas agus síos<br>Téigh ar chlé - Téigh ar dheis<br>Stad!<br>Ar ais arís. Gabh siar. Téigh thall ansin.<br>Téigh chun tosaigh.<br>Cas/tiontaigh ar dheis, lean ar aghaidh agus cas ar dheis arís.<br>An t-eachtrán<br>Cá bhfuil an t-eachtrán?<br>Bog an t-eachtrán ar chlé.<br>An bhfuil an freagra agat?<br>Cad é an freagra?<br>Mo shealsa atá ann.<br>Cad atá le déanamh?<br>Cá bhfuil mo thriall?<br>Cá bhfuil tú?<br>Tá tú ag an... | An Stáisiún Cumhachta<br>An Sorcas<br>An Garáiste<br>An Loch<br>An Pháirc<br>An Garáiste<br>An Stáisiún Dóiteáin<br>Ceann scríbe<br>Bhain/Bhuaigh mé!<br>Is mise an múinteoir anois.<br>Éistigí liom.<br>An bhfuil sibh réidh?<br>An bhfuil cárta ag gach duine?<br>Léimigí ar chos amháin<br>Sínígí agus rothlaígí bhur lámha.<br>Léimigí ar an spota<br>Rithigí ar an spota | Bogaigí bhur gcromáin thart i gciorcal<br>Rothlaígí bhur nguaillí ar feadh 30 soicind.<br>Pumpálaigí bhur lámha deasa san aer.<br>Pumpálaigí/Cuirigí bhur lámha clé san aer agus léimigí ar chos amháin<br>Glúine arda ar feadh 30 soicind.<br>Léimeanna réalta ar feadh 30 soicind.<br>Arís le bhur dtoil<br>Níos airde/ tapúla/ moille<br>Dearg/gorm/oráiste/ glas | Seas ag an túsphointe.<br>Cá bhfuil an críochphointe?<br>Triantán/ciorcal<br>Féach ar an léarscáil.<br>Caithfidh muid na cóin a chomhaireamh.<br>Caithfidh muid na cóin a shuimiú/a dhealú.<br>Cad é an freagra?<br>An bhfuil sé sin i gceart?<br>Déan seic arís.<br>Tá muid críochnaithe.<br>Cá bhfuil an chéad léarscáil eile?<br>Bogfaidh muid ar aghaidh chuig an gcéad léarscáil eile.<br>Uimhreacha 1-10 |

<table>
<tr><th>Gníomhaíochtaí/Tascanna</th><th>Teanga an Mhúinteora</th></tr>
<tr><td>

- **Intreoir**

Cuir na critéir ratha agus an TAFF i láthair na bpáistí.

- **Tasc 1: An Lúbra Matamaiticiúil**

Brúigh ar an nasc Wordwall ar shleamhnán 3. Tá 10 gceist sa lúbra seo, caithfidh na daltaí na ceisteanna matamaitce a fhreagairt leis an eachtrán a thabhairt chuig a cheann scríbe. Iarr ar dhalta amháin an t-eachtrán a bhogadh ag an ríomhaire nó ag an teilifís chliste agus iarr ar na daltaí eile sa rang treoracha a scairteadh amach le tacú leis an dalta na ceisteanna a fhreagairt agus an t-eachtrán a threorú chuig an freagra ceart. Iarr orthu na treoracha a d'fhoghlaim siad sa rang deireanach a úsáid (féach sleamhnán 3).

- **Tasc 2: Cá bhfuil mo thriail?**

Cuir na daltaí i mbeirteanna. Caithfidh siad Bart Simpson a threorú chuig a cheann scríbe. Cuir sleamhnáin 6-10 i gcló. Tabhair dhá léarscáil do gach duine sa ghrúpa. Iarr orthu na cinn scríbe a choinneáil faoi rún (an garáiste, an pháirc srl). Caithfidh dalta amháin na treoracha a thabhairt agus caithfidh an dalta eile éisteacht go cúramach agus líne a tharraingt ar an léarscáil chuig an áit cheart. Ag an deireadh caithfidh siad seic a dhéanamh ar bhain siad an ceann scríbe ceart amach. Féach an sampla ar shleamhnán 5.

</td><td>

- Inniu a pháistí táimid ag foghlaim faoin treodóireacht.
- Féachaigí ar na critéir ratha.
- Cad í seo? Seo eachtrán. Cad a dúirt mé? Abraigí seo i mo dhiaidh.
- Inniu tá lúbra le déanamh againn. Cad is ciall leis sin? Bhuel, samhlaígí áit mhór lán le cosáin, cosúil le clós nó páirc, agus tá na cosáin sin ag dul i ngach treo. Uaireanta, téann siad timpeall i gciorcal, nó b'fhéidir go gcuireann siad amú thú! Is minic a úsáideann muid léarscáil chun cabhrú linn dul tríd an lúbra.
- Tá lúbraí spraíúil mar tugann siad dúshlán dúinn smaoineamh agus treoshuíomh a chleachtadh. Sa chás seo, bainfidh muid úsáid as lúbra matamaiticiúil chun ár scileanna treodóireachta a fheabhsú!
- Ní mór dúinn cabhrú lenár gcara, an t-eachtrán, teacht ar an bhfreagra ceart! Ag baint úsáid as na treoracha atá foghlamtha againn le déanaí, réiteoimid gach fadhb céim ar chéim. Cabhraímis leis an eachtrán dul tríd an gceist chun an freagra ceart a bhaint amach.
- Cé atá sásta teacht chuig an gclár leis an eachtrán a bhogadh?
- Oibrígí le chéile le Bart Simpson a threorú chuig a cheann scríbe. Cad is brí le "ceann scríbe"? Is é ceann scríbe is an áit ina bhfuil tú ag dul nó an áit ina ndéanann tú stop nuair a chríochnaíonn tú turas.
- Beidh an ceann scríbe (margadh, scoil, sorcas srl) ar eolas ag duine amháin agus beidh orthu treoracha a thabhairt don duine eile ar nós; cas/tiontaigh ar chlé, lean ar aghaidh, téigh chun tosaigh, cas ar dheis.
- Beidh ar an duine eile éisteacht leis na treoracha agus líne a tharraingt ar an léarscáil ó Bart Simpson chuig an gceann scríbe. Beidh oraibh na róil seo a mhalartú le linn an chluiche.

</td></tr>
</table>

| Clós/Halla Spóirt | Teanga an Mhúinteora |
|---|---|
| • **Tasc 3: Téamh Suas - Is múinteoir mé!**<br>Cuir na daltaí i ngrúpaí de chúigear. Tabhair cárta gluaiseachta (sleamhnán 13-17) do gach duine, is féidir níos mó a thabhairt do dhaltaí cumasacha. Mínigh go mbeidh na daltaí mar mhúinteoirí sa tasc seo. Seasfaidh an múinteoir siar agus duine ar dhuine glaofaidh siad na treoracha amach ina ngrúpaí. Gabh thart agus déan cinnte go dtuigeann gach dalta cad atá scríofa ar an gcárta agus le cinntiú gur féidir leo an ráiteas ar an gcárta a léamh amach os ard.<br><br>• **Tasc 4: Comhaireamh na gCón**<br>Cuir na daltaí ag bun an halla/an chlóis (in aice leis na cóin ghorma). Tabhair cóip don léarscáil shamplach dóibh.<br>• Mínigh an léarscáil dóibh; mar shampla cá bhfuil an túsphointe (triantán) agus an críochphointe (ciorcal)? Mínigh an luach atá le gach cón. Dearg (1), Oráiste (2), Glas (1), Gorm (3).<br>• Seiceáil go bhfuil an léarscáil socraithe i gceart ag na daltaí.<br>• Léirigh an dóigh leis an "Léarscáil Shamplach" a leanúint, taispeáin dóibh cén dóigh leis an léarscáil a threoshuíomh (orientate). | • Ar aghaidh linn chuig an gclós. Déanfaidh muid téamh suas ar dtús.<br>• Téigí i ngrúpaí de chúigear. Ba chóir go mbeadh cárta gluaiseachta ag gach duine sa ghrúpa. Caithfidh sibh sealanna a ghlacadh mar 'mhúinteoir an ghrúpa'. Caithfidh sibh an treoir atá ar an gcárta a léamh os ard agus a léiriú don ghrúpa.<br>• Cén sórt frásaí ar féidir linn a úsáid le linn an taisc seo? Mo shealsa atá ann, éistigí liom, níos tapúla/níos moille. Sin é.<br>• Mura dtuigeann tú cad atá scríofa ar do chárta, tar anseo agus míneoidh mé cad atá le rá/déanamh agat.<br>• Seasaigí in aice leis na cóin ghorma.<br>• Féach ar an léarscáil shamplach.<br>• Sa tasc seo, caithfidh sibh léarscáil a leanúint ó phointe go pointe. Le linn an taisc caithfidh sibh na cóin a shuimiú agus an freagra a scríobh ar an tábla. Tá luach le gach cón, féach ar an leathanach.<br>• Cén luach atá leis na cóin dhearga? Cén luach atá leis na cóin oráiste/ghlasa/ghorma?<br>• Féach ormsa ag dul don tasc. An dtuigeann sibh cad atá le déanamh?<br>• Cá bhfuil an túsphointe?<br>• Cá bhfuil an críochphointe?<br>• An bhfuil léarscáil ag gach duine?<br>• Nuair a chríochnaíonn tú, tar anseo agus tabharfaidh mé an chéad léarscáil eile duit. Tá sé léarscáil san iomlán ann. |

| Clós/Halla Spóirt /Seomra Ranga | Teanga an Mhúinteora |
|---|---|
| • **Tasc 4: Comhaireamh na gCón**<br>Ansin, tabhair léarscáil den chúrsa do gach dalta.<br>• Seasann gach dalta ag an túsphointe (an triantán).<br>• Caithfidh siad an léarscáil a leanúint ón túsphointe go dtí an críochphointe.<br>• Agus iad ag leanúint na léarscáile caithfidh siad na huimhreacha a chomhaireamh agus a shuimiú **i nGaeilge** agus iad ag dul thar an gcón.<br>• Nuair a bhaineann siad an críochphointe amach, ba chóir do na daltaí a gcuid freagraí a sheiceáil, ansin léarscáil eile a fháil le triail a bhaint as cúrsa eile.<br>• Is é an freagra ná an tsuim de gach rialaitheoir ar a gcúrsa, lena n-áirítear an tosaigh agus an deireadh.<br>•Is féidir an tasc seo a shíneadh leis na dúshláin bhreise atá molta ar shleamhnán 20.<br>Comórtas Ranga: Bain úsáid as amadóir leis an ngrúpa is tapúla a aimsiú.<br>•Iarr ar na daltaí a léarscáil féin a leagadh amach agus lig do na grúpaí eile seo a thriail.<br>•In ionad suimiú amháin a úsáid, is féidir na cóin a dhealú, iolrú nó a roinnt chomh maith.<br>•Scaip na cóin amach chun an fad atá le clúdach ag na daltaí a mhéadú.<br><br>**Tasc 5: Téamh Síos**<br>Téigh ar ais chuig an seomra ranga. Cuir na táblaí ar leataobh. Brúigh ar an nasc ar shleamhnán 27 agus iarr ar na daltaí aithris a dhéanamh ar an láithreoir san fhíseán. | • Caithfidh sibh comhaireamh/cuntas i nGaeilge le linn an taisc seo. Tá na huimhreacha ar eolas agaibh, nach bhfuil?<br>• An féidir linn 'suimiú' agus 'dealú' a rá ar bhealach ar bith eile?<br>• An bhfuil sibh críochnaithe?<br>• Déanfaidh muid an tasc seo arís, ach anois caithfidh sibh na huimhreacha a dhealú/iolrú.<br>• Ar mhaith libhse bhur léarscáil féin a leagan amach anois? Bainigí triail as agus iarr ar ghrúpa eile an tsuim a oibriú amach.<br>• An uair seo beidh amadóir in úsáid agam agus fiosróidh muid cé an grúpa is tapúla.<br>• Suígí síos i bhur ngrúpaí agus glaofaidh mé na freagraí amach. Cuir tic agus x le bhur bhfreagraí.<br>• An bhfuair aon duine na freagraí go léir i gceart? Cuirigí bhur lámha in airde.<br>• Anois a pháistí rachaidh muid ar ais chuig an seomra ranga le téamh síos a dhéanamh.<br>• Bogaigí na táblaí agus na cathaoireacha ar leataobh. Aimsígí spás ar an urlár agus suígí síos.<br>• Éistigí go cúramach leis an láithreoir san fhíseán agus leanaigí na treoracha.<br>• Cuirigí na táblaí ar ais in ord agus suígí síos. |